

Scríbhneoireacht (75 nóiméad)

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 1

Roghnaigh **ceann amháin** de na ceisteanna thíos.
Scríobh timpeall **200-250 focal** sa spás ar an
chéad leathanach eile.

30/ marc

1. Tá cara leat ag cur isteach ar phost i gcomhlacht aistriúcháin. Beidh an té a cheapfar ag plé leis na cliaint chomh maith le bheith ag aistriú agus ag déanamh obair eagarthóireachta. D'iarr do chara ort teistiméireacht a scríobh di.

Is dóigh leat go mbeadh sí go hiontach don phost. Scríobh **an teistiméireacht** agus luaigh na rudaí seo a leanas: na buanna agus na cáilíochtaí pearsanta agus gairmiúla atá ag do chara, an taithí atá aici agus na cúiseanna ar cheart an post a thabhairt di.

2. Seo blúire as litir a léigh tú i nuachtán áitiúil:

'... is dóigh liom go bhfuil sé náireach nach bhfuil faic á dhéanamh ag coistí áitiúla le cabhrú le himircigh socrú síos ina dtír nua agus aithne níos fearr a chur ar mhuintir an cheantair agus ar nósanna na háite...'

Scríobh **alt** don nuachtán ag míniú cén fáth nach n-aontaíonn tú leis na tuairimí seo agus déan cur síos ar na hiarrachtaí a rinneadh i do cheantar féin le cabhrú le himircigh agus ar an chaoi ar éirigh le cuid de na hiarrachtaí sin.

3. Chuala tú go bhfuil cara leat in ísle brí. Tá fadhbanna sláinte aici mar gheall ar strus.

Scríobh **litir** chuici le misneach a thabhairt di. Cuir i gcuimhne di na rudaí maithe atá ina saol agus cuir comhairle uirthi faoi shlite chun níos mó taitnimh a bhaint as an saol.

